

Stádas na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc, faoi shuirbhé a rinneadh a d'fhiosraigh sástacht an phobail i leith: (i) chinneadh an Taoisigh, Enda Kenny, Joe McHugh a cheapadh mar Aire Stáit na Gaeltachta agus (ii) mhuinín an phobail as polasaithe Gaeilge an rialtais.

Cad atá ar eolas agat faoi na topaicí thuas? Pléigh a bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frása seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- opinion poll
- most of the public
- very serious
- participants
- supporting
- majority
- minority
- acceptable
- the public mind-set
- relatively, more or less

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 A. Anois, féach ar an tuairisc arís. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas?

- 66
- 1,000
- 3/5
- 61%
- 20%
- 62%
- 15%

B. Cad a bhí le rá ag John Walsh agus ag Cóilín Ó Cearbhaill?

Ceist 4 Féach ar na focail seo. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach? Cén fáth?

*pobalbhreith, Gaeltacht, líofacht, Gaeilge, cosaint, muintir,
tuairim, ceist, saotharlann, ollscoil*

Athscríobh na focail sna boscaí cuí anois sa tábla thíos agus an t-alt leo. Lean na samplaí atá déanta.

An tsráid	An fhuinneog	An áit	An dánlann

Ceist 5

A. Cén chanúint atá ag an Dochtúir John Walsh? Féach ar an mír arís. Breac síos aon fhocal a chloiseann tú a chuireann an chanúint sin in iúl.

B. Cén chanúint atá agat féin? Labhair leis an duine in aice leat faoin gcanúint atá agaibh beirt agus cad atá spéisiúil faoi bhur gcanúintí.

C. An bhfuil aon chanúint nach bhfuil tuiscint rómhaith agat uirthi? Cad í? Pléigh leis an duine in aice leat é.

Ceist 6

‘...a bheag nó a mhór...’

Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge leis na focail **beag** agus **mór**. Cad is brí leis na cinn seo? Cuir in abairtí iad lena mbrí a mhíniú.

Beag a dhéanamh de rud

Is beag

Is beag orm

Ní mór dó

Nach mór

Ceist 7

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil an suíomh nua www.tuairisc.ie feicthe agat? Cad é do bharúil faoi?
2. Cad iad na suímh idirlín Ghaeilge a mbaineann tú úsáid astu agus cén fáth?
3. An bhfuil iriseoireacht na Gaeilge chomh maith le hiriseoireacht an Bhéarla in Éirinn, dar leat? Cad chuige?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

opinion poll – *pobalbhreith*
most of the public – *formhór an phobail*
very serious – *an-tromchúiseach*
participants – *rannpháirtithe*
supporting – *ag tacú*
majority – *móramh*
minority – *mionlach*
acceptable – *inghlactha*
the public mind-set – *meon an phobail*
relatively, more or less – *a bheag nó a mhór*

Ceist 3

A.

66: Na háiteanna ar fad ar fud na tíre a rinneadh an phobalbhreith.
1,000: Líon na rannpháirtithe a rinne an suirbhé.
3/5: Ceapann gach triúr as cúigear de mhuintir na hÉireann go ndearna an Taoiseach botún nuair a roghnaigh sé Joe McHugh mar Aire Stáit na Gaeltachta.
61% Líon na ndaoine a shíleann gur cheart go mbeadh Gaeilge ag Aire Stáit na Gaeltachta.
20% Líon na ndaoine a cheapann nach botún a bhí ann Aire Stáit na Gaeltachta a cheapadh nach bhfuil líofacht na Gaeilge aige.
62% Líon na ndaoine a cheapann nach bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain ar son na Gaeilge.
15% Líon na ndaoine a cheap nach raibh an rialtas ag déanamh go leor ar son na Gaeilge sa bhliain 2000. Léiríodh an toradh seo i suirbhé a rinne Foras na Gaeilge.

B.

John Walsh: Ceapann sé go bhfuil botún déanta ag an rialtas gan Aire Stáit na Gaeltachta a bhfuil Gaeilge aige a cheapadh; agus go bhfuil móramh an phobail den tuairim chéanna. Dúirt sé go léiríonn sé sin nach bhfuil dhá thrian de mhuintir na hÉireann ag tacú leis an Taoiseach. Dúirt sé chomh maith gur léirigh an chuid is mó de na suirbhéanna a rinneadh le 40 bliain anuas go raibh dhá thrian den phobal ar son na Gaeilge. Ní raibh ach eisceacht amháin ann agus is é sin sa bhliain 2000 nuair a léirigh suirbhé a rinne Foras na Gaeilge nach raibh ach 15% míshásta leis an méid a bhí an rialtas a dhéanamh ar son na Gaeilge.

Cóilín Ó

Cearbhaill: Dúirt sé go bhfuil na torthaí sa phobalbhreith a rinneadh do *tuairisc.ie* an-tromchúiseach don rialtas, agus léiríonn siad go ríshoiléir nach bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Ceist 4

Tá na focail baininsneach. Féach na nótaí a bhí i Vifax na seachtaine seo caite faoi inscne na bhfocal.

An tsráid (t ar s) <i>an tsaotharlann</i>	An fhuinneog (séimhiú ar chonsan) <i>an phobalbhreith</i> <i>an Ghaeltacht</i> <i>an Ghaeilge</i> <i>an chosaint</i> <i>an mhuintir</i> <i>an cheist</i>	An áit (níl aon athrú ar ghuta) <i>an ollscoil</i>	An dánlann (na dentals) <i>an líofacht</i> <i>an tuairim</i>
--	--	---	--

Ceist 5

A. Tá canúint na Mumhan aige.

Samplaí:

- 'a dhein'
- 'Gaolainn'
- 'ana-shuntasach'
- an tslí a bhfuaimníonn sé an focal 'tá' mar 'thá'.

B. Tuairimíocht.

C. Tuairimíocht.

Ceist 6

Beag a dhéanamh de rud – to belittle something (Rinne sé beag de mo chuid oibre)

Is beag – few (Is beag duine a bhí ann)

Is beag orm – I don't like (is beag orm an t-amhrán sin)

Ní mór dó – he has to (Ní mór dó dul abhaile anois)

Nach mór – nearly (Tá muid nach mór sa bhaile)

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Léiríonn pobalbhreith nua go gcreideann formhór an phobail nach bhfuil a ndóthain á déanamh ag an stát don Ghaeilge agus go ndearna an Taoiseach botún Joe McHugh a cheapadh mar Aire Stáit na Gaeltachta. Dúirt Uachtarán Chonradh na Gaeilge inniu go bhfuil na torthaí sa bpobalbhreith a deineadh¹ do *tuairisc.ie* an-tromchúiseach don rialtas, agus go bhfuil sé ríshoiléir gur beag atá á dhéanamh ag an rialtas leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Áine Lally

Pobalbhreith náisiúnta is ea an ceann is deireanaí ó *tuairisc.ie* a deineadh i seasca a sé áit éagsúla ar fud phoblacht na hÉireann. Ceistíodh os cionn míle duine don phobalbhreith seo. Tá sé le tabhairt le fios ann go gceapann triúr as chuile chúigear gur botún a bhí déanta ag an Taoiseach, Joe McHugh a cheapadh mar Aire Stáit na Gaeltachta trí mhí ó shin. Seasca a haon faoin gcéad de dhaoine a cheap nár chóir don Taoiseach, Enda Kenny, duine a cheapadh mar Aire na Gaeltachta nach raibh líofacht sa nGaeilge aige. Dúirt fiche faoin gcéad de na rannpháirtithe nach botún a bhí ann.

An Dochtúir John Walsh, Léachtóir Sinsearach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Is dóigh liom go léiríonn sé seo gur botún a dhein² an Taoiseach, botún mór, agus nach bhfuil an pobal ag tacú leis, go gcreideann an pobal go bhfuil sé réasúnta go mbeadh Gaolainn ag Aire na Gaeltachta, go gcreideann móramh suntasach go mbeadh sé réasúnta go mbeadh Gaolainn ag Aire na Gaeltachta. Ní móramh iomlán amach is amach atá ann, tá mionlach réasúnta mór nach gcreideann go bhfuil sé tábhachtach ach mar sin féin, tá seasca a haon faoin gcéad, tá sé sin suntasach ann féin agus creidim mar sin go léiríonn sé nach bhfuil cosaint an Taoisigh inghlactha sa chás seo.

Áine Lally

De réir an eolais nua seo ón gcomhlacht *Millward Brown* le haghaidh *tuairisc.ie*, creideann formhór de mhuintir na hÉireann nach bhfuil a dhóthain á déanamh ag an stát don Ghaeilge. Seasca a dó faoin gcéad do na daoine a ghlac páirt sa bpobalbhreith a bhí den tuairim gur cheart don stát níos mó a dhéanamh ar son na teanga.

An Dochtúir John Walsh, Léachtóir Sinsearach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Is deacair an cheist seo a chur i gcomparáid le suirbhéanna eile mar ní chuirtear na ceisteanna céanna ó lá go lá ach is féidir linn dul siar daichead bliain i suirbhéanna mar gheall ar mheon an phobail i leith na Gaolainne, bíonn dhá thrian nó níos airde de ghnáth ar son na teangan³ agus bheadh sé sin ag teacht, a bheag nó a mhór, leis an seasca a dó faoin gcéad a deir nach leor an méid atá á dhéanamh ag an stát. Ach, bhí suirbhé amháin a dhein Foras na Gaeilge sa bhliain 2000 ina ndúirt cúig déag faoin gcéad nach raibh an stát ag déanamh go leor ar son na Gaolainne. Léiríonn an suirbhé seo go bhfuil seasca a dó faoin gcéad den dtuairim chéanna, a bheag nó a mhór mar sin, más fíor é sin, is méadú ana-shuntasach⁴ é.

Áine Lally

Ráiteas ó Chonradh na Gaeilge tráthnóna, dúirt an tUachtarán, Cóilín Ó Cearbhaill, go bhfuil na torthaí sa bpobalbhreith a deineadh do *tuairisc.ie* an-tromchúiseach don rialtas, agus léiríonn siad go ríshoiléir nach bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain leis an nGaeilge a chur chun cinn. Áine Lally, Nuacht TG4.

¹ a rinneadh atá sa Chaighdeán Oifigiúil

² rinne atá sa Chaighdeán Oifigiúil

³ Seantuiséal ginideach é seo. Is í ‘teanga’ an fhoirm chaighdeánach sa tuiséal ginideach anois.

⁴ An-suntasach atá sa Chaighdeán Oifigiúil, ach ‘ana-shuntasach’ a deirtear i nGaeilge na Mumhan.